Coiste Eorpach na Réigiún

An tArdrúnaí

An Bhruiséil, [*dáta an chlárúcháin oifigiúil*]
SGCab-D-269-2023

Is sna réigiúin agus sna cathracha is mó a chuirtear luachanna agus prionsabail na hEorpa chun cinn!
Níos mó deiseanna comhair le Coiste Eorpach na Réigiún

A dhuine uasal,

Mar is eol duit, déanann Coiste Eorpach na Réigiún (CnaR) ionadaíocht thar ceann níos mó ná aon mhilliún polaiteoir a thoghtar go réigiúnach agus go háitiúil, ar 300 réigiún agus 90 000 bardas san Eoraip, agus cuireann sé le próisis ceaptha beartas agus próisis chinnteoireachta an Aontais de réir dhearcadh na n-údarás áitiúil agus réigiúnach. Ag an am céanna, cuireann comhaltaí an Choiste le héifeachtúlacht an Aontais agus lena thabhairt níos cóngaraí dá shaoránaigh trí dhlí AE a chur chun feidhme agus trí bheartais AE a chur in iúl sna réigiúin féin.

San óráid a thug an tUachtarán, Vasco Alves Cordeiro, maidir le Staid na réigiún agus na gcathracha san Aontas Eorpach an 11 Deireadh Fómhair 2022, thug sé ómós don obair fíor-riachtanach a dhéanann méaraí, comhairleoirí áitiúla, gobharnóirí, airí réigiúnacha agus na riaracháin phoiblí ar fud an Aontais, gach uile lá, ar fud na háite.

Is í an ghné uathúil agus an neart is mó a bhaineann leis an gCoiste gníomhaíocht pholaitiúil ár gcomhaltaí agus an t-eolas atá acu ar chúrsaí ar an láthair. Is iolraitheoirí cumhachtacha iad comhaltaí CnaR ina bpobail féin agus ina gcomhlachais náisiúnta d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha.

D'fhonn sineirgí a fhorbairt agus malartú dea-chleachtais a chur chun cinn, tá tabhairt ar iasacht saineolaithe náisiúnta á cothú ag CnaR agus tá cuairteanna staidéir a bhfuil teorainn ama leo le haghaidh oifigigh ó riaracháin phoiblí na n-údarás áitiúil agus réigiúnach á spreagadh aige freisin.

Deiseanna chun saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht chun foghlaim faoin obair a dhéanann CnaR ó laistigh den choiste agus chun comhar idir na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus CnaR a fheabhsú

Má chuireann siad iarratas isteach ar ról den sórt sin, gheobhaidh oifigigh ó riaracháin phoiblí na n-údarás áitiúil agus réigiúnach deis chun foghlaim faoin mbealach ina n-oibríonn comhlacht comhairleach de chuid an Aontais ón taobh istigh. Na comhghleacaithe a bheidh againn sa todhchaí, cuirfidh siad go gníomhach le próiseas cinnteoireachta an Aontais agus tabharfaidh siad dearcadh éagsúil chuig an próiseas sin. Ag an am céanna, méadóidh siad an comhar idir CnaR agus na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha.

Electronically signed by BEIZKOVSKA Petra on 07/03/2023 16:56

Cuireann CnaR trí chineál iasachta ar fáil (saineolaithe náisiúnta ar iasacht, saineolaithe náisiúnta a bhfuil saoránacht Bheilgeach acu agus iasacht saor ó chostas), anuas ar chuairteanna staidéir gearrthéarmacha (agus na cuairteanna sin oiriúnach d'oifigigh rialtais atá bunaithe sa Bhruiséil cheana féin).

Beidh deis ag gach saineolaí náisiúnta an méid seo a leanas a dhéanamh le linn na hiasachta:

- tairbhiú de chlár saincheaptha atá oiriúnaithe dá riachtanais agus dá (h)ionchais féin agus do riachtanais agus ionchais CnaR;
- timpeallacht oibre lánfheistithe a bheith aige/aici lena n-áirítear rochtain ar ár líonraí, uirlisí oibre agus cláir oiliúna;
- oibriú ar thasc a bhfuil teorainn ama leis agus a rachaidh chun tairbhe do riaracháin CnaR agus na n-údarás áitiúil agus réigiúnach araon;
- a bheith rannpháirteach sna príomhghníomhaíochtaí a dhéanann an institiúid;
- freastal ar sheisiúin iomlánacha CnaR;
- léargas a fháil ar an mbealach ina ndéantar ár dtuairimí a tharraingt suas;
- deis a bheith aige/aici foghlaim faoi ghnéithe eile a bhaineann lenár gcuid oibre.

Mar mhalairt air sin, ba mhaith le CnaR cúnamh a fháil chun idirphlé áitiúil a eagrú i réigiúin an Aontais in éineacht lenár gcomhaltaí agus lenár gcomhaltaí malartacha. Ar an mbealach sin, tabharfar cluas éisteachta do d'údair imní réigiúnacha agus do bharúil féin tráth a bheidh todhchaí na hEorpa á plé agus cinnteofar leis sin go léireofar riachtanais agus ionchais réigiúin na hEorpa sa mhúnla agus sa treo a roghnaítear.

Ós rud é go bhfuil teorainn leis na féidearthachtaí le haghaidh iasachtaí faoina íoctar liúntais laethúla, molaimid go láidir do rialtais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta smaoineamh faoi iasachtaí saor ó chostas (ní íocfaidh CnaR aon liúntas breise don saineolaí anuas ar an tuarastal a sholáthraíonn fostóir an tsaineolaí cheana féin). Maidir le hiasacht saor ó chostas, chuirfeadh CnaR spás oifige, stáisiún oibre/uirlisí oiriúnacha oibre, féidearthachtaí chun tabhairt faoi oiliúint agus deiseanna líonraithe ar fail don saineolaí, chomh maith le meantóir tiomanta chun a chinntiú go bhfaigheadh sé/sí taithí a bheadh tairbheach dó/di féin agus dá réigiún.

Tá teorainn ama le hiasachtaí (sé mhí ar a laghad agus dhá bhliain ar a mhéad, agus is féidir iad a athnuachan suas le tréimhse ceithre bliana san iomlán).

Táthar ag súil go líonfar roinnt post le haghaidh saineolaithe náisiúnta ar iasacht in 2023. Iarrtar ar iarrthóirí féideartha ar spéis leo dul ar iasacht chuig CnaR clárú trath ar bith ar ár suíomh gréasáin. Féadfaidh siad suas le trí phróifíl/réimse spéise inar mian leo oibriú a roghnú (de réir ord tosaíochta). Liostaítear na riachtanais shonracha a bhaineann le hiasacht i bhfoscríbhinn 1 agus 2. Féach ár leathanach 'Poist' chun teacht ar an gcinneadh faoi na rialacha is infheidhme maidir le saineolaithe náisiúnta atá ar iasacht chuig CnaR.

A chomhaltaí agus a chomhaltaí malartacha, iarraim oraibh an litir seo a chur ar aghaidh ionas go gcuirfear í faoi bhráid líon níos mó comhghleacaithe i riaracháin phoiblí na n-údarás áitiúil agus réigiúnach.

Ba mhian liom fáilte a chur romhaibh agus roimh do réigiún anseo ag CnaR agus táim ag súil go mór le borradh a chur faoin gcomhar eadrainn. **Oibrímis le chéile chun na dúshláin a bhaineann le todhchaí na hEorpa a shárú!**

Electronically signed by BLIZKOVSKY Petr on 07/03/2023 18:56

Petr Blížkovský
‘sínithe go leictreonach’

Electronically signed by BLIZKOVSKY Petr on 07/03/2023 18:56

Foscríbhinn 1

Faoi Chinneadh 438/2015 maidir leis na rialacha is infheidhme maidir le saineolaithe náisiúnta ar iasacht chuig Coiste Eorpach na Réigiún

Féach téacs iomlán le Chinneadh 438/2015 ar ár leathanach 'Poist'.

Coinníollacha nach mór a chomhlíonadh le haghaidh iasachta:

Féadfaidh fostaithe chomhlachtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta nó fostaithe eagraíochtaí idir-rialtasacha iarratas a dhéanamh ar phoist mar shaineolaithe náisiúnta ar iasacht. Ní mór roinnt coinníollacha a chomhlíonadh, áfach.

Ní mór an méid seo a leanas a bheith fíor maidir leis an iarratasóir:

- go bhfuil sé/sí fostaithe ag údarás poiblí náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil nó ag eagraíocht idir-rialtasach;
- gur oibrigh sé/sí ar feadh trí bliana ar a laghad, go lánaimseartha, i bpost riaracháin, eolaíochta, teicniúil, comhairleach nó maoirseachta;
- go bhfuil sé/sí ag obair lena f(h)ostóir reatha ar feadh 12 mhí ar a laghad;
- go bhfuil eolas críochnúil aige/aici ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil aige/aici ar theanga eile de chuid an Aontais;
- go mbeidh sé/sí faoi bhun 66 bliana d'aois ar feadh fhad iomlán na hiasachta; agus
- go bhfuil sé/sí in ann a chruthú go leanfaidh a f(h)ostóir dá t(h)uarastal a íoc, dá stádas fostaíochta bunaithe nó conartha a choinneáil agus go ráthóidh sé a c(h)earta agus a t(h)airbhí sóisialta, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an tslándáil shóisialta agus le cearta pinsin, ar feadh thréimhse na hiasachta.

Electronically signed by BLIZKOVSKY Petr on 07/03/2023 18:56

Foscríbhinn 2

Sliocht as Cinneadh 188/2022 ó Choiste na Réigiún maidir leis na rialacha lena rialaítear scéimeanna oiliúna

Caibidil III FORÁLACHA A BHAINEANN LE CUAIRTEANNA STAIDÉIR LE hAGHAIDH OIFIGIGH RIALTAIS

Airteagal 16 - Sainmhíniú ar chuairteanna stáidéir le haghaidh oifigigh rialtais

16.1 Féadfaidh baill foirne nó oiliúnaithe ó údarás poiblí náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil de chuid Ballstáit iarratas a dhéanamh ar an scéim agus féadfaidh siad deis a thabhairt do CnaR agus d'institiúid fostaíochta an oifigigh araon feabhas a chur ar an gcomhar agus deiseanna líonraithe eatarthu. Thairis sin, d'fhéadfadh sé go bhfaigheadh oifigigh atá rannpháirteach i scéim den sórt seo deis chun léargas a fháil ar an obair a dhéanann CnaR agus a gcuid scileanna, inniúlachtaí agus eolais a fhorbairt ag an am céanna.

16.2 De réir sainmhínithe, ní thugann CnaR luach saothair d'oifigigh rialtais as cuairteanna staidéir, mar a dhéantar le haghaidh tréimhsí oiliúna Cicero i bhfoirm deontais arna shainiú in Airteagal 11. Is í institiúid fostaíochta an oifigigh a thugann luach saothair dó/di. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh oiliúnaithe rialtais i dteideal bearta sóisialta faoi na coinníollacha a luaitear in Airteagal 5(6).

Airteagal 17 –Critéir iontrála

17.1 Ní féidir ach le hoifigigh rialtais ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh páirt a ghlacadh sa chlár seo. Féadfaidh oifigigh rialtais teacht ó údaráis náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla.

17.2 Ní mór do na hoifigigh rialtais a dhéanann iarratas ar chuairt staidéir na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- a bheith ina náisiúnach de chuid an Aontais agus a bheith ag obair d'údarás poiblí náisiúnta, áitiúil nó réigiúnach de chuid Ballstáit den Aontas. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go ndeonófadh an tArdrúnaí cuairt staidéir ar iarratasóirí ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo. Forchoimeádann CnaR an ceart chun a thairiscint a chúlghairm agus iarrthóir oiriúnach eile a roghnú i gcás nach bhfuil sé cruthaithe ag an iarrthóir, faoi thús thréimhse na cuairte staidéir, go gcomhlíonann sé/sí na ceanglais faoin dlí inimirce náisiúnta chun cónaí agus oibriú go dleathach sa Bheilg;
- céim Bhaitsiléara ar a laghad a bheith aige/aici (nó leath shraith céime Baitsiléara a bheith críochnaithe aige/aici ar céim í a mheastar a bheith ábhartha d'obair CnaR);
- a bheith ag obair i bpost ag leibhéal agus le hábhar atá comhfhreagrach do na dualgais a dhéanann foireann AE laistigh de CnaR;
- deimhniú rannpháirtíochta a bheith faighte ó údarás fostaíochta an oifigigh agus dearbhú go n-aontaíonn sé leis an gcuairt staidéir chuig CnaR, chomh maith le cruthúnas ar mhaoiniú ó údarás fostaíochta an oifigigh feadh thréimhse na cuairte staidéir;

Electronically signed by BLIZKOVSKY Petr on 07/03/2023 18:56

− a bheith líofa i bhFraincis nó i mBéarla.

Airteagal 10 - Fad agus tús chuairteanna oifigeach rialtais

18.1 Féadfar cuairt staidéir le haghaidh oifigigh rialtais a dheonú ar feadh tréimhse idir dhá mhí agus sé mhí. Féadfaidh an Stiúrthóir atá i gceannas ar Acmhainní Daonna síneadh leis an tréimhse sin a údarú agus féadfaidh an tréimhse mair suas le 12 mhí ar a mhéad.
18.2 Déanfar dáta tosaithe na cuairte staidéir a chomhaontú leis an rannpháirtí.

Airteagal 19 - Bainistíocht an phróisis roghnúcháin le haghaidh cuairteanna staidéir oifigeach rialtais

19.1 Tá Ceann Aonaid nó Stiúrthóir na seirbhíse iarrthaí freagrach as iarraidh ar chuairt staidéir oifigigh, i gcomhréir leis an nós imeachta inmheánach atá i bhfeidhm.

19.2 Tá Oifig na dTréimhsí Oiliúna freagrach as iarrataí ar chuairteanna oifigeach rialtais a bhainistiú, i gcomhréir leis an nós imeachta inmheánach atá i bhfeidhm.
19.3 Féadfaidh an Stiúrthóir atá i gceannas ar Acmhainní Daonna údarú a thabhairt chun cuairt staidéir oifigigh rialtais a dheonú, i gcomhréir leis an nós imeachta inmheánach atá i bhfeidhm.

Airteagal 20 - Iarratais a chur isteach

Ní mór iarratais ar chuairt staidéir le haghaidh oifigigh rialtais a dhéanamh tríd an bhfoirm iarratais ar líne atá ar fáil ar shuíomh gréasáin CnaR.

Airteagal 21 - Árachas

21.1 Tá árachas sláinte éigeantach do gach duine a ghlacann páirt sa chuairt staidéir le haghaidh oifigigh rialtais agus níl an t-árachas sin maoinithe ag CnaR. Ní mór don iarrthóir cruthúnas ar chumhdach árachais sláinte a sholáthar.

21.2 Ní mór árachas i gcoinne tionóiscí a bheith ag gach uile dhuine a ghlacann páirt sa chuairt staidéir le haghaidh oifigigh rialtais, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i mbeartas árachas CnaR. Íocfaidh CnaR as na costais uile a bhaineann leis an bpréimh árachais chomhfhreagrach.

Electronically signed by BLIZKOVSKY Petr on 07/03/2023 18:56